

Cuntas Leithreasa 2016

Vóta 33

**Na hEalaíona, Oidhreachta, Gnóthaí
Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta**

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, tá ceanglas orm gach bliain cuntas leithreasa a ullmhú don Vóta, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair a iniúchta.

Faoir réir an cheanglais sin, tá an cuntas faoi iamh ullmhaithe agam den mhéid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun fóirdheontais agus deontais áirithe a íoc.

Tá an táirgeacht chaiteachais curtha i gcomparáid leis na suimeanna

- a) a cheadaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2016, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasáí-i-gcabhair ar chaiteachas don bhliain agus
- b) a cuireadh ar fáil do sheirbhísí soláthair caipitil in 2016 as leithreasáí gan chaitheamh 2015 faoin socrú do ghéilleadh iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €3.12 milliún dlite i gcomhair géillte don Stáitchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Polasaithe Cuntasaíochta agus na Prionsabail Chuntasaíochta agus Nótaí 1 go 7 ina bpáirt den chuntas seo.

Aistriú Feidhmeanna

Tháinig aistriú na bhfeidhmeanna Gnóthaí Forbartha Réigiúnacha agus Tuaithe ón iar-Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil in éifeacht ón 9 Meitheamh 2016. Ullmhaíodh an cuntas seo i gcomhréir le Meastachán Athbhreithnithe 2016 don Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta, agus i gcomhréir le treoir ó Chuntasaíocht an Rialtais ar shocruithe cuntasaíochta atá le cur i bhfeidhm i ndáil le caiteachas ar fheidhmeanna a aistríonn idir Ranna trí Orduithe um Aistriú Feidhmeanna. Éilítear leis na socruithe sin go léirítear leithdháileadh agus táirgeacht mheasta na bliana iomláin do 2016 den fheidhm aistrithe sa chuntas leithreasa do Vóta 33 na Roinne Ealaíon, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Dá réir sin, léiríonn leithdháiltí measta 2016 agus táirgeachtaí 2016 don rannán Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Tuaithe sa chuntas seo caiteachas 2016 don bhliain iomlán, agus mar sin de tá an caiteachas uile roimh dháta aistrithe na bhfeidhmeanna san áireamh leis.

Ráiteas faoi Pholasaithe Cuntasaíochta agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Tá na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta do tháirgeadh cuntais leithreasa curtha i bhfeidhm in ullmhú an chuntais, cé is moite den mhéid seo a leanas:

Dímheas

Dímheastar sócmhainní caipitil ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, ag tosú sa mhí a gcuirtear an tsócmhainn i seirbhís.

Níl maoine stairiúla ar leith amhail páirceanna náisiúnta, agus sócmhainní oidhreacht amhail déantáin agus lámhscríbhinní, luacháilte.

Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach

Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím mo fhreagracht as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú airgeadais inmheánach á chothabháil agus á oibriú ag an Roinn.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le córas ar bith de rialú airgeadais inmheánach ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthuil. Is próiseas leanúnach é cothabháil chóras na rialuithe airgeadais inmheánacha agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras féin agus ar a éifeachtaí is atá sé.

Tá mo chuid freagrachtaí i ndáil le riachtanais an Chomhaontaithe um Bainistiú Seirbhíse idir an Roinn agus Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais comhlíonta agam.

Táim ag brath ar litir dhearbhaíthe ó Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na Roinne Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus ó Oifigeach Cuntasaíochta na Seirbhísí Comhroinnte go bhfuil na rialuithe cuí á bhfeidhmiú i soláthar seirbhísí comhroinnte do mo Roinn.

Mar seo a leanas atá an seasamh i dtaca leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat de nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach:

An timpeallacht rialaithe airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht um rialú, a chuimsíonn na gnéithe seo a leanas, in áit:

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal na bainistíochta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag dul leis sin
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ag a bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta
- tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe i dtaca le teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartaitheach cuí a chinntiú agus
- tá Coiste Iniúchóireachta in áit chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta in áit, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas de tharmligean agus de chuntasacht agus, go háirithe, go bhfuil an méid seo a leanas amhlaidh

- tá córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a gcoinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar na tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne na réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- tá córais ann a bhfuil sé mar aidhm acu slándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte cuí ann do rialú infheistíocht chaipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal.

Cinntíonn an Roinn go bhfuil fócas cuí ar dhea-chleachtas i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta in áit chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirínte ábhartha uile.

San iomlán, tuairiscíodh seacht socrú soláthair faoi Chiorclán 40/02 in 2016 le luach iomlán de €6,447,128. Déantar iad sin a mhiondealú mar seo a leanas:

- bhain trí chonradh, arbh fhiú €5,138,853 iad, le conarthaí nach raibh ag teacht leis na gnáthnósanna imeachta tairisceana ó tharla nach raibh sé cuí ina gcás sin mar gurbh sholáthraithe aonair na soláthraithe a bhí i gceist.
- cuireadh síneadh thar bhundáta an chonartha le conradh amháin arbh fhiú €77,329 é chun a chinntiú go mbeadh buntáiste iomlán na gcaidreamh leathana oibre agus an saineolas a bailíodh le linn tréimhse an chéad chonartha ar fáil don Roinn.
- cuireadh síneadh thar bhundáta an chonartha le conradh amháin arbh fhiú €76,976 é agus tá céimeanna glactha chun a chinntiú go gcuirfear conarthaí nua in áit in 2017 do na seirbhísí sin.
- bhain conradh amháin arbh fhiú €39,725 é le gjaráil conradh de chuid Oifig na nOibreacha Poiblí a cuireadh amach ar tairiscint roimhe sin.
- baineann an conradh eile, ar fiú €1,114,245 é, le conarthaí eatramhacha a cuireadh in áit tar éis gur cuireadh ar ceal próiseas tairisceana a reáchtáladh i gcomhar leis an Oifig um Sholáthar Rialtais d'fhonn a chinntiú nach gcuirfí isteach ar sheirbhís ríthábhachtach poiblí le linn cur chun cinn agus cur i gcrích an phróisis atairisceana.

An tAonad Iniúchóireachta Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánach ag an Roinn ina bhfuil foireann atá oilte go cuí agus a oibríonn de réir cairte scríofa atá ceadaithe agamsa. Tá obair na feidhme sin bunaithe ar anailís ar rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn neamhchosanta orthu agus tá na pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, a cheadaíonn mise, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm leis na pleananna sin na príomhrialuithe a chumhdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanann mise agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánach. Tá nósanna imeachta curtha in áit agam chun a chinntiú go dtarlaíonn gníomh leantach mar thoradh ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Caitríona Ní Liacáin

Oifigeach Cuntasaíochta

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

29 Márta 2017

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasáiochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithreasa.

Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státhchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithreasa a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithreasa gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithreasa, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáiltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa.

Scóip an iniúchta

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithreasa.

Tuairim faoin gcuntas leithreasa

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithreasa go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2016.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An Roinn Ealaíon, Oidhreachta Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Réitíonn an cuntas leithreasa leis na taifid chuntasaíochta.

Neamhchomhlíonadh na rialacha solathair

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais gur tharla áisc ábhartha neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i dtaca le conarthaí a d'fheidhmigh i 2016.

Tuairisciú ar nithe a eascraíonn as iniúchadh

Baineann Caibidil 7 de mo thuarascáil ar chuntais na seirbhísí poiblí do 2016 le feidhmiú Chiste na gCuntas Díomhaoin, agus Caibidil 15 le maoiniú deontais phictiúrlann sainealaíne na Gaillimhe.

Seamus MacCárthaigh

Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

25 Meán Fómhair 2017

Vóta 33 Na hEalaíona, Oidhreacht, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta

Cuntas Leithreasa 2016

		2016		2015
		Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A	Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán			
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	188,477		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	6,158	194,635	173,499
				151,245
B	Oidhreacht		44,023	48,049
C	An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin		51,206	53,346
D	Comhoibriú Thuaidh-Theas		37,724	41,557
E	Forbairt Réigiúnach agus Gnóthaí Tuaithe		61,219	51,699
Ollchaiteachas				
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	382,649		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	6,158	388,807	368,150
				276,937
Lúide				
F	Leithreasáí-i-gcabhair		12,609	8,620
Glanchaiteachas				
	<i>Soláthar na bliana reatha</i>	370,040		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	6,158		
			376,198	359,530
				270,149

Barrachas i gcomhair géillte

Tá an barrachas ar an méid atá curtha ar fáil os cionn an mhéid ghlain fheidhmithe dlite i gcomhair géillte don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir gach cuid nó cuid de na leithreasáí do sheirbhísí soláthair caipitil gan chaitheamh a thabhairt ar aghaidh i gcomhair a gcaithimh an bhliain dar gcionn.

	2016	2015
	€	€
Barrachas	16,667,853	8,895,773
Géilleadh iarchurtha	(13,548,000)	(6,158,000)
Barrachas le géilleadh	3,119,853	2,737,773

Anailís ar chaiteachas riaracháin

		2016	2015
	Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
	€000	€000	€000
i	Tuarastail, pánnas agus liúntais	32,203	30,076
ii	Taisteal agus cothú	1,600	1,024
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	1,103	646
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	703	453
v	Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF	2,320	1,897
vi	Costais áitreabh oifige	846	632
vii	Seirbhísí comhairliúcháin agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaí	107	34
	38,882	36,229	34,762

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2016

		2016	2015
	€000	€000	€000
Costas an chláir		331,921	242,175
Pá		31,175	30,076
Neamhphá		5,054	4,686
Ollchaiteachas		368,150	276,937
<i>Lúide</i>			
Leithreasáí-i-gcabhair		8,620	6,788
Glanchaiteachas		359,530	270,149
Athruithe ar shócmhainní caipitil			
Airgead Ceannachán	(2,853)		
Dímheas	1,418		
Caillteanas ar dhiúscairtí	5		
		(1,430)	(3,135)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhruithe deiridh	(36,986)		
Méadú ar stoc	(29)		
		(37,015)	201
Caiteachas díreach		321,085	267,215
Caiteachas a íocadh in áit eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (Nóta 1.1)		14,980	16,482
Measchíosanna		733	697
Glanchestas an chláir		336,798	284,394

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn an tsuim i ndáil le glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara na suimeanna measta seo a leanas a bhaineann le Vóta 33 agus a íocadh in áit eile.

		2016	2015
		€000	€000
Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	m	30	30
Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	m	8,624	8,980
Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí	m	5,308	6,575
Vóta 18 Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Roinnte	m	100	52
Vóta 24 Dlí agus Ceart agus Comhionannas - Ionad na Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais	m	604	662
Ciste Lárnach - Pinsin Aireachta	m	314	183
		14,980	16,482

Léiríonn "m" gur luach measta nó costas leithroinnte atá san uimhir

2 Clár Comhardaithe mar a bhí ar an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €000	2015 €000
Sócmhainní caipitil	2.2	56,656	55,166
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	24,668	11,392
Stoic	2.4	327	298
Réamhíocaíochtaí		36,837	1,526
Ioncam fabhraithe		29	104
Iarmhéideanna dochair eile	2.5	1,082	421
Iomlán na sócmhainní reatha		62,943	13,741
Lúide dliteanais reatha			
Costais fabhraithe		570	2,320
Iarmhéideanna sochair eile	2.6	5,706	5,265
Glandliteanas don Stáitchiste	2.7	20,044	6,548
Iomlán na ndliteanas reatha		26,320	14,133
Glansócmhainní reatha (dliteanais)		36,623	(392)
Glansócmhainní		93,279	54,774
Ionannaithe ag:			
Cuntas chiste an Stáit	2.1	93,279	54,774

2.1 Cuntas Chiste an Stáit	Nóta	2016 €000	2015 €000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir		54,774	51,840
Eisíocaíochtaí ón Vóta			
Soláthar an Mheastacháin	Cuntas	376,198	
Géilleadh iarchurtha	Cuntas	(13,548)	
Barrachas le géilleadh	Cuntas	(3,120)	
Vóta glan		359,530	270,149
Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áit eile	1	14,980	16,482
Caiteachas neamhairgid - measchíos	1	733	697
– Coigeartú sócmhainní seasta	2.2	60	
Glanchoistas an chláir	1	(336,798)	(284,394)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig		93,279	54,774

2.2 Sócmhainní caipitil

	Talamh agus foirgnimh €000	Fearais agus innealra €000	Trealamh oifige agus TF^a €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Costas nó luacháil ar an 1 Eanáir 2016	51,794	7,167	9,061	4,120	72,142
Breiseanna	1,641	790	416	6	2,853
Aistrithe isteach ^b	—	—	563	60	623
Coigeartuithe	—	(63)	2	50	(11)
Diúscairtí	—	(458)	(14)	(27)	(499)
Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2016	53,435	7,436	10,028	4,209	75,108
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2016	749	6,513	7,235	2,479	16,976
Táille dhímheasa don bhliain	379	184	747	108	1,418
Dímheas ar aistrithe	—	—	563	34	597
Coigeartuithe	—	(61)	6	10	(45)
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(455)	(14)	(25)	(494)
Dímheas carnach ar an 31 Nollaig 2016	1,128	6,181	8,537	2,606	18,452
Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2016	52,307	1,255	1,491	1,603	56,656
Glansócmhainní ar an 31 Nollaig 2015	51,045	654	1,826	1,641	55,166

^aCuireann an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil seirbhís bainistithe TFC ar fáil do shócmhainní TF an Rannáin Oidhreachtá thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachtá, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta. Chuir an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil tús le próiseas in 2015 chun sceideal comhaontaithe a chur i dtoll a chéile de na sócmhainní atá le húsáid i gcás go n-athrófaí téarmaí na seirbhíse bainistithe reatha TFC nó go gcuirfí críoch léi amach anseo agus go mbeadh gá sócmhainní a aistriú.

^bSócmhainní a aistríodh ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar a bhí chuig an Roinn mar thoradh ar aistriú feidhmeanna.

2.3 Banc agus Airgead Tirim

	2016 €000	2015 €000
ar an 31 Nollaig		
Airgead agus iarmhéideanna an Pháimháistir Ghinearálta	24,532	11,323
Cuntais bainc tráchtála ^a	136	69
	24,668	11,392

^a Áiríonn iarmhéid an chuntais bhainc tráchtála €131,179 in 2016 (2015: €66,591) i ndáil le cuntais bainc tráchtála a fheidhmíonn an Roinn Díl agus Cirt agus Comhionannais - Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

2.4 Stoic	2016	2015
ar an 31 Nollaig	€000	€000
Bunábhar tógála agus fearais bheaga	98	66
Breoslaí agus leasacháin	28	27
Stáiseanóireacht	27	20
Tomhaltáin trealaimh	2	8
Soláthairtí feighlithe agus garchabhair	25	21
Tomhaltáin TF	23	48
Earraí Ilghnéitheacha	63	56
Beostoc	61	52
	<u>327</u>	<u>298</u>

2.5 Iarmhéideanna Dochair Eile	2016	2015
ar an 31 Nollaig	€000	€000
Ciste Comhshaoil	618	130
Oifig na nOibreacha Poiblí	427	95
Cuntas fionraí párolla (Paypath)	—	48
Míreanna eile dochair atá ar fionraí	37	148
	<u>1,082</u>	<u>421</u>

2.6 Iarmhéideanna Sochair Eile	2016	2015
ar an 31 Nollaig	€000	€000
Méideanna atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	612	588
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta	334	303
Cáin Iarchoimeáda Seirbhísí Gairmiúla	207	143
Cáin Chonarthaí Iomchuí	—	13
Cáin Bhreislúacha	262	133
Asbhaintí pinsin	11	100
	<u>1,426</u>	<u>1,280</u>
Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2)	377	408
Aran LIFE	247	581
Kerry LIFE	852	941
Tionscadal LIFE na bPortach Ardaithe	2,246	1,672
Eile	558	383
	<u>5,706</u>	<u>5,265</u>

2.7 Glandliteanas don Státhiste	2016	2015
ar an 31 Nollaig	€000	€000
Barrachas le géilleadh	3,120	2,738
Géilleadh iarchurtha	13,548	6,158
Deontas neamhtharraingte an Státhiste	3,376	(2,348)
Glandliteanas don Státhiste	20,044	6,548

Ionannaithe ag:**Féichiúnaithe**

Banc agus airgead tirim	24,668	11,392
larmhéideanna dochair: fionraí	1,082	421
	25,750	11,813

Creidiúnaithe

Dlite don Stát	(1,426)	(1,280)
larmhéideanna sochair: fionraí	(4,280)	(3,985)
	(5,706)	(5,265)
	20,044	6,548

2.8 Ceangaltais	2016	2015
ar an 31 Nollaig	€000	€000

Leader - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe ^a	222,573	—
An Scéim um Chúitimh Móna	25,209	24,869
Na hOileáin	9,619	13,032
Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	4,157	8,589
ACCESS (deontais forbartha cultúir)	7,107	5,384
Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge	8,819	9,210
Tionscadail chaipitil ealaíon eile	2,301	1,617
Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 – 1922	3,083	10,830
	11,000	11,000
Ionad Imeachtaí Chorcaí		
Oidhreacht Nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	2,489	3,119
Deontais agus seirbhísí agus earraí soláthraithe eile	3,569	3,660
Bearta na gCuntas Díomhaoín	711	—
Iomlán na gceangaltas atá in-fhorghníomhaithe le dlí	300,637	91,310

^a I gcomhréir le treoir ó Chuntasaíocht an Rialtais maidir le socruithe cuntasaíochta atá le cur i bhfeidhm i ndáil le caiteachas ar fheidhmeanna a aistríonn idir Ranna trí Orduithe um Aistriú Feidhmeanna, tá figiúirí comparáideacha na bliana roimhe maidir le gealltanais curtha san áireamh sa Chuntas Leithreasa do Vóta 34, an Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail & Rialtais Áitiúil.

Athrúcháin Shuntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás ina bhfuil ceangaltas méadaithe faoi níos mó ná €500,000 ó 2015 go 2016

Fo-mhírcheann	Méid an mhéadaithe/(La ghdaithe)	Míniú
	€000	
Leader - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	222,573	Is ionann an méadú ar cheangaltais an Chláir Leader a thóg an Roinn uirthi féin mar thoradh ar Aistriú Feidhmeanna 2016.
Oileáin	(3,413)	Léiríonn an laghdú seo ar fhiigiúr na gceangaltas íocaíochtaí leanúnacha chuig tionscadail ar gealladh maoiniú dóibh sna blianta roimhe seo
Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	(4,432)	Léiríonn an laghdú seo ar fhiigiúr na gceangaltas íocaíochtaí leanúnacha i ndáil le Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta ar gealladh maoiniú dóibh sna blianta roimhe seo
ACCESS (deontais forbartha cultúir)	1,723	Léiríonn sé seo ceangaltais nua ar tugadh fúthu in 2016. Áirítear leis seo méadú de €1 milliún ar an gceangaltas do Solas Picture Palace i nGaillimh, chun cur ar a gcumas an tionscadal a thabhairt chun críche agus ceangaltas breise de €0.4 milliún i leith Leabharlann Marsh le haghaidh feabhsúcháin chaipitiúla lena mbailiúchán a chumhdach agus a chosaint.
Tionscadail chaipitil ealaíon eile	684	Léiríonn an t-athrú seo tionchar glan na gceangaltas ar tugadh fúthu in 2016, lena n-áirítear ceangaltas de €2 mhilliún ar thionscadal suntasach, a fritháiríodh nuair a asbhaineadh ceangaltas i dtaca le €1.6 milliún in 2016 do thionscadal amháin nuair nár comhlíonadh téarmaí na tairisceana deontais.
Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 – 1922	(7,747)	Léiríonn an laghdú seo ar fhiigiúr na gceangaltas íocaíochtaí chuig tionscadail ar gealladh maoiniú dóibh sna blianta roimhe seo.
Bearta na gCuntas Díomhain	711	Is ionann an méadú ar cheangaltais agus ceangaltais ar tugadh fúthu faoi bhearta na gcuntas díomhain mar thoradh ar aistriú feidhmeanna 2016.

2.9 Dliteanais Aibithe

ar an 31 Nollaig

2016**€000****2015****€000**

Meastachán de dhliteanais aibithe
nach raibh scaoilte amach ag
deireadh na bliana

6

1

3 Caiteachas Cláir de réir Fho-mhírcheann

		2016		2015
		Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	€000
A	Na hEalaíona, Cultúr agus Scannán			
A.1	Riarachán - Pá	6,098	5,709	5,866
A.2	Riarachán - Neamhphá	1,406	1,063	1,030
A.3	Íocaíochtaí chun acmhainní arna nginiúint ag an gCartlann Náisiúnta a mheaitseáil	40	40	40
A.4	Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta	1,516	1,274	1,304
A.5.	Costais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Áiléar Crawford ^a	10,876	10,876	10,858
A.6	Iarsmalanna, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha	2,950	2,925	3,143
A.7	Infreastruchtúr agus forbairt chultúrtha			
	<i>Bunsuim</i>	9,900		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	858		
		10,758	15,352	11,475
A.8	Cultúr Éireann	5,500	5,495	2,500
A.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	60,120	60,120	58,593
A.10	Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann	12,120	12,120	12,304
A.11	Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann	6,944	6,944	7,075
A.12	Bord Scannán na hÉireann	14,471	15,571	14,512
A.13	Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann	7,636	7,636	7,757
A.14	Cathair Náisiúnta an Chultúir	—	—	383
A.15	Deich mBliana na gCuimhneachán 1912 – 1922			
	<i>Bunsuim</i>	43,900		
	<i>Géilleadh iarchurtha</i>	5,300		
		49,200	28,374	13,405
A.16	Ionad Imeachtaí Chorcaí	5,000	—	1,000
		194,635	173,499	151,245

^a Féach Nóta 7.1

Athrúcháin shuntasacha

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €21.14 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

Cur Síos	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil €000	Míniú
Riarachán - Neamhphá	343	Tháinig an choigilt chun cinn de bharr caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis sna réimsí taisteal agus cothú, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo chun a chinntiú go gcoinnítear costais síos.
Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus na Comhairle um an gCartlann Náisiúnta	242	Tháinig na coigiltis chun cinn mar nach dtáinig na riachtanais maidir le stórais mhalartacha le hoibreacha athfhorbartha a éascú in áitribh na Cartlainne Náisiúnta ar Shráid an Easpaig, Baile Átha Cliath chun cinn de réir mar a bhíodhas ag coinne leo (féach an míniú faoi Dheich mBliana na gCuimhneachán).
Infrastruchtúr agus forbairt chultúrtha	(4,594)	Tháinig an t-athrúchán seo chun cinn go príomha mar gheall ar cheisteanna uainithe i dtaca le costais áirithe a íoc a bhain le tionscadal Mhórphlean Forbartha Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann, ceannach lámhscríbhinní áirithe ag Leabharlann Náisiúnta na hÉireann, agus leithdháileadh de €1 mhilliún don Irish Arts Center i Nua Eabhrac. Ceadáíodh an caiteachas breise i gcomhréir le smachtbhanna a fuarthas ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
Bord Scannán na hÉireann	(1,100)	Cuireadh leithdháileadh caipitil breise de €1.1 milliún ar fáil in 2016 do Bhord Scannán na hÉireann chun freastal ar éileamh ar thacaíocht ar fud Earnáil Scannán na hÉireann.
Deich mBliana na gCuimhneachán 1912-1922	20,826	Tháinig coigiltis chun cinn mar gheall ar dhul chun cinn a bhí níos moille ná mar a bhíodhas ag dréim leis i dtaca le líon áirithe tionscadal lena n-áirítear caiteachas ionchais de €8 milliún ar tionscadal athfhorbartha na Cartlainne Náisiúnta chomh maith leis na séadchomharthaí náisiúnta ar Shráid an Mhúraigh a cheannach agus a athfhorbairt agus oibreacha athchóirithe sa Cheoláras Náisiúnta.
Ionad Imeachtaí Chorcaí	5,000	Mar gheall ar athruithe dearaidh féideartha le hilfheidhmiúlacht bhreise a sholáthar san ionad, ní raibh an t-údarás conarthach in ann an tionscadal a thabhairt chun cinn go dtí an pointe a d'éileodh íostarraingt breise de mhaoiniú caipitil le linn na bliana.

		2016		2015
		Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	€000
B	Oidhreacht			
B.1	Riarachán - Pá	19,067	18,514	19,775
B.2	Riarachán - Neamhphá	2,734	1,590	2,629
B.3	Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	5,243	5,243	4,743
B.4	Oidhreacht thógtha	2,363	2,402	2,316
B.5	Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	11,292	17,074	13,522
B.6	Iontaobhas Oidhreachta na hÉireann	324	324	324
B.7	Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha	2,000	2,102	—
B.8	Athchóiriú tailte móna	1,000	800	520
		44,023	48,049	43,829

Athrúcháin shuntasacha

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €4.03 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

Cur Síos	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil	Míniú
€000		
Riarachán - Neamhphá	1,144	Tháinig an choigilt chun cinn de bharr caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíodas ag súil leis sna réimsí taisteal agus cothú, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo chun a chinntiú go gcoinnítear costais síos.
Oidhreacht nádúrtha (an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra)	(5,782)	Tháinig an caiteachas breise chun cinn go príomha de bharr na gcostas de €3.4 milliún a bhain leis na bearta a bhí i bhfeidhm chun tacú le comhlíonadh threoir an AE maidir le gnáthoga, oibreacha caipitil gan choinne a bhaineann le tuilte agus deisiúcháin eile de €1.6 milliún agus sealbhú tailte a bhí ar fáil cóngarach do Pháirc Náisiúnta Chill Mhantáin ar chostas €0.8 milliún.
Scéim Giarála Post don Oidhreacht Thógtha	(102)	Rinneadh leithdháileadh méadaithe de €102,000 chun freastal ar éileamh breise i dtaca le tionscadail bhreise, ar fud sé chontae, faoin Scéim Infheistíochta maidir le hOidhreacht Thógtha in 2016. Tá an scéim seo ann le cúnamh a thabhairt le deisiú agus caomhnú a dhéanamh ar na struchtúir atá cosanta faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú). Leis an scéim seo tacaíodh le líon suntasach (os cionn 300 in 2016) tionscadal dlúthshaothair caomhantais ar scála beag.

Cur Síos	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil	Míniú
	€000	
Athchóiriú tailte móna	200	Cé gur cuireadh dréachtphleananna athchóirithe do 53 limistéar faoi chaomhnú speisialta (LCS) ar phortaigh ardaithe i gcrích in 2016, bhí gá le tuilleadh comhairliúcháin agus oibre suirbhéireachta, rud a d'fhág coigilteas faoin bhfo-mhírcheann seo in 2016. Cuireadh tús leis an bpróiseas seo ar bhonn trialach ar líon áirithe LCSanna in 2016.

		2016		2015
		Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	t €000
C	An Ghaeilge, an Ghaeltacht agus na hOileáin			
C.1	Riarachán - Pá	3,691	2,949	3,286
C.2	Riarachán - Neamhphá	1,143	789	613
C.3	Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	7,422	8,292	7,549
C.4	Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	3,595	3,594	3,692
C.5	An Coimisinéir Teanga	670	639	669
C.6	Údarás na Gaeltachta - riarachán	8,823	8,823	8,798
C.7	Údarás na Gaeltachta - caiteachas an chláir reatha	3,000	3,000	3,000
C.8	Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh	6,687	9,087	6,687
C.9	Oileáin	13,275	13,274	6,541
C.10	An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 - 2030	1,000	999	546
C.11	Deich mBliana na gCuimhneachán - Teach an Phiarsaigh	1,900	1,900	1,000
		51,206	53,346	42,381

Athrúcháin shuntasacha

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €2.14 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

Cur Síos	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil €000	Míniú
Riarachán - Neamhphá	354	Tháinig an choigilt chun cinn de bharr caiteachas a bhí níos lú ná mar a bhíodas ag súil leis sna réimsí taisteal agus cothú, oiliúint agus TF. Déantar monatóireacht ghníomhach ar chaiteachas sna réimsí seo ar fud an Vóta chun a chinntiú go gcoinnítear costais síos.
Scéimeanna Tacaíochta Gaeltachta	(870)	Cuireadh airgead breise de €0.65 milliún ar fáil d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge in 2016 i gcomparáid le 2015 chun tacú leis an nGaeilge in institiúidí tríú leibhéal. Ceadaiódh an caiteachas breise i gcomhréir le smachtbhanna a fuarthas ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh	(2,400)	Cuireadh leithdháileadh breise de €2.4 milliún ar fáil chun tacú le hÚdarás na Gaeltachta agus iad ag féachaint le bonn fostaíochta cheantair ar an gcósta agus cheantair tuaithe go príomha a chothabháil agus chun tacú le fás ar an mbonn fostaíochta sin. Ag deireadh na bliana 2016, bhí 7,963 duine san iomlán fostaithe i gcliant-chuideachtaí de chuid Údarás na Gaeltachta agus is poist lánaimseartha 7,348 de na poist sin agus is poist pháirtaimseartha 615 acu.

		2016		2015
		Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	€000
D	Comhoibriú Thuaidh-Theas			
D.1	Riarachán - Pá	1,009	1,058	1,149
D.2	Riarachán - Neamhphá	715	683	414
D.3	An Foras Teanga	13,201	13,249	13,468
D.4	Uiscebhealaí Éireann	22,799	26,567	24,451
		37,724	41,557	39,482

Athrúcháin shuntasacha

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €3.833 milliún níos airde ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

Cur Síos	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil	Míniú
	€000	
Uiscebhealaí Éireann	(3,768)	Rinneadh cistiú breise a leithdháileadh chun tacú le hoibreacha ríthábhachtacha infreastructúir lena n-áirítear geataí loic (€627,000), athchóiriú lamairne (€195,000), oibreacha claífoirt (€479,000) agus an Chanáil Ríoga (€473,000).

		2016		2015
		Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	€000
E	Gnóthaí Forbartha Réigiúnaí agus Tuaithe			
E.1	Riarachán - Pá	2,338	2,946	—
E.2	Riarachán - Neamhphá	681	929	—
E.3	Bearta na gcuntas díomhaoín	4,326	432	—
E.4	Coimisiún Forbartha an Iarthair	2,488	1,639	—
E.5	Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe	7,383	24,794	—
E.6	Leader - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	40,000	9,989	—
E.7	Comórtas na mBailte Slachtmhara	1	1	—
E.8	Athnuachan bailte agus sráidbhailte	4,000	9,880	—
E.9	Leathanbhanda tuaithe, oifigí poist agus forbairt eacnamaíochta réigiúnach	2	1,089	—
		61,219	51,699	—

Athrúcháin shuntasacha

Ina iomláine, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €9.52 milliún níos ísle ná mar a bhí curtha ar fáil. Ba é an méid seo a leanas ba chúis leis sin go príomha:

Cur Síos	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil	Míniú
€000		
Riarachán - Pá	(608)	Rinneadh athchumrú ar fheidhmeanna na Roinne le linn 2016. Cheadaigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe acmhainní breise foirne don Rannán Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Tuaithe. Maoiníodh iad sin trí éifeachtúlachtaí ar fud an Vóta.
Riarachán - Neamhphá	(248)	Rinneadh athchumrú ar fheidhmeanna na Roinne le linn 2016. Bhí gá le hacmhainní breise don Rannán Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Tuaithe leis é sin a éascú. Maoiníodh iad sin trí éifeachtúlachtaí ar fud an Vóta.
Bearta na gcuntas díomhaoín	3,894	Tháinig coigiltis chun cinn mar gheall ar chaiteachas a bhí níos ísle ná mar a bhíodhas ag súil leis i leith chostais riaracháin, tionscadail chaipitil áirithe, agus moill áirithe a d'eascair as an aistriú feidhmeanna i dtaca leis an mbeart fiontair shóisialta.
Coimisiún Forbartha an Iarthair	849	Rinneadh an leithdháileadh caipitil a beartaíodh ar dtús do Choimisiún Forbartha an Iarthair a athdháileadh ar bhearta faoi fho-mhírcheann na Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe, E5.
Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe	(17,411)	Le linn 2016 agus mar chuid de chlár an Rialtais chun tacú le forbairt tuaithe, seoladh roinnt scéimeanna, lena n-áirítear; céim €6.1 milliún den tionscnamh REDZ (Criosanna Forbartha Geilleagraí Tuaithe); leathnú €8.3 milliún den scéim CLÁR; agus tuilleadh cistithe de €9.7 milliún don Scéim Áineasa Tuaithe.

Cur Síos	Níos lú/(mó) ná mar a cuireadh ar fáil	Míniú
	€000	
Leader - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	30,011	Tháinig coigiltis chun cinn mar gheall nár cheadaigh an Comisiún Eorpach an clár oibriúcháin don Chlár Forbartha Tuaithe 2014-2020 go dtí mí na Bealtaine 2015. Tar éis an cead a fháil, b'éigean 6 mhí ar a laghad a fhágáil le deis a thabhairt do Ghrúpaí Gníomhaíochta Áitiúla (GGÁ) Straitéisí Forbartha Áitiúla a ullmhú. I mí an Mheithimh 2016, aistríodh freagracht as an gclár seo chuig an Roinn agus síníodh conarthaí le GGÁanna i mí Iúil 2016. Bíonn tréimhse thionscnaimh nádúrtha i gceist idir conarthaí a shíniú le GGÁanna, iarratais ar thionscadail a fhorbairt agus cur i gcrích deiridh na dtionscadal ceadaithe.
Athnuachan bailte agus sráidbhailte	(5,880)	Cuireadh cistiú breise de €6 mhilliún ar fáil chun tacú le fobairt bhailte agus sráidbhailte tuaithe, a aithníodh mar phríomh-thosaíocht le ceantar tuaithe na hÉireann a athbheochan sa Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta a foilsíodh i mí an Mheithimh 2016.
Leathanbhanda tuaithe, oifigí poist agus forbairt eacnamaíochta réigiúnach	(1,087)	Soláthraíodh cistiú breise de €1.09 milliún chun tacú le cur i bhfeidhm leathanbhanda tuaithe, a aithníodh mar phríomh-thosaíocht le ceantar tuaithe na hÉireann a athbheochan sa Chlár don Rialtas Comhpháirtíochta a foilsíodh i mí an Mheithimh 2016.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2016		2015
	Measta €000	Réadaithe €000	Réadaithe €000
1. An Chartlann Náisiúnta	40	46	45
2. Fáltais ilghnéitheacha	847	1,485	1,573
3. Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó chearta iascaigh a ligean etc.)	100	121	148
4. Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra	440	1,226	1,066
5. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí	2,856	3,026	3,942
6. Bearta na gcuntas díomhaoin	4,326	432	12
7. Leader - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	4,000	2,284	—
8. Íobairt Tuarastail - Bóthar Haddington	—	—	2
Iomlán	12,609	8,620	6,788

Míniú ar athrúcháin shuntasacha

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach ceannteidil sa chás go raibh éagsúlacht de níos mó ná €100,000, agus de níos mó ná 5%, idir an táirgeacht agus an méid a measadh.

Cur Síos	(níos lú)/níos mó	Míniú
	ná mar a bhí measta	
	€000	
Fáltais ilghnéitheacha	638	Tá gnéithe éagsúla a dhéanann suas fáltais ilghnéitheacha agus atá deacair bheith ag coinne leo lena n-áirítear, ach go háirithe, leasuithe ar scéim pinsin státseirbhíse na Ríochta Aontaithe (Tuarascáil Hutton). In 2016 mhéadaigh ranníocaíochtaí fostaithe ó 1.5% go idir 3.5% agus 7.5% ag brath ar leibhéal an tuillimh, rud a mhéadaigh na fáltais pinsin ó ghníomhaireachtaí.
Seirbhísí agus muirir ag suíomhanna páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra	786	Baineann an difríocht le leibhéal níos airde fáltas ná mar a bhíodhas ag súil leis sna páirceanna náisiúnta, rud a léiríonn líon maith cuairteoirí ar na háiseanna seo. Tá gnéithe éagsúla i gceist le seirbhísí agus muirir ag láithreacha páirceanna náisiúnta agus fiadhúlra agus tá sé deacair bheith ag coinne le cuid acu. Déanfar fáltais réamh-mheasta faoin mhírchéann seo a athbhreithniú go leanúnach.

Cur Síos	(níos lú)/níos mó	Miniú
	ná mar a bhí measta	
	€000	
Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair sa tseirbhís phoiblí	170	Baineann an difríocht le fáltais níos airde ná mar a bhíodhas ag súil leo ó Ghníomhaireachtaí i ndáil le hasbhaint a bhaineann le pinsean. Déanfar fáltais réamh-mheasta faoin mhírchéann seo a athbhreithniú go leanúnach.
Bearta na gcuntas díomhaoín	(3,894)	Baineann an t-easnamh seo le haisghabháil laghdaithe ó Chiste na gCuntas Díomhaoín mar go raibh an caiteachas cláir a tháinig chun cinn faoi E.3. (bearta na gcuntas díomhaoín) níos lú ná mar a bhíodhas ag súil leis.
Leader - Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	(1,716)	Tharla an spriocasnamh mar gheall ar mhoill ar chur i bhfeidhm E.6 Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe.

4.2 Fáltais Bhreise Stáitchiste

	2016	2015
	€000	€000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	9	12
Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta ^a	4	9
Aistrithe chuig an Stáitchiste	(9)	(12)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	4	9

^a Féach Nóta 7.3

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2016	2015
Líon foirne ag deireadh na bliana (ionann is lánaimseartha)		
Roinn	608	552
Gníomhaireachtaí	1,011	1,008
	<u>1,619</u>	<u>1,560</u>
	2016 ^a	2015
	€000	€000
Pá	68,652	67,286
Liúntais d'ard-dualgais, do dhualgais speisialta nó do dhualgais bhreise	92	90
Liúntais eile	1,115	920
Ragobair	1,373	1,649
ÁSPC an fhostóra	5,944	5,814
Pá iomlán	<u>77,176</u>	<u>75,759</u>

^a Cuimsíonn an figiúr iomlán pá do 2016 gnéithe pá ó na fo-mhírchínn seo a leanas:

A1, A5, A9, A10, A11, A12, A13, B1, B3, C1, C5, C6, D1, D3, D4 E4.

Ní ionann figiúr pá an Státchiste mar a nochtadh sna Meastacháin Athbhreithnithe is iomlán an phá don líon foirne a nochtadh faoi Nóta 5. I gcás na bhforas forfheidhmithe Thuaidh/Theas, maoiníonn na ranna urraíochta sa dá dháil an caiteachas ar phá ar bhonn pro-rata.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon faighteoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2016 €	2015 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	41	1	11,559	12,004
Liúntais eile	531	17	19,585	20,339
Ragobair	513	24	24,234	20,352
Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.	397	68	28,273	25,706

Tá na sonraí i ndáil le liúntais agus íocaíochtaí ragoibre a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe ar thuairisceáin a chuireann na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach amháin.

5.2 Socruithe Eile Luach Saothair

Athfhostaíodh ar chostas iomlán de €5,775 triúr státseirbhíseach atá ar scor agus atá ag fáil pinsin státseirbhíse. Cuireadh lacáiste pinsin i bhfeidhm in aon cheann amháin de na cásanna seo agus níor measadh go raibh sé infheidhme in dhá chás.

5.3 Ró-íocaíochtaí Párola

Ba é €16,583 (15 cás) (2015 €11,793, 9 gcás) an ró-íocaíocht ag deireadh na bliana. As sin, bhí pleananna aisghabhála in áit do €10,935 (8 gcás) ag an 31 Nollaig.

5.4 Scaoilíocaíochtaí

Fuair triúr fostaithe €79,274 san iomlán de scaoilíocaíochtaí in 2016.

6 Ilghnéithe**6.1 Cistiú an Chrannchuir Náisiúnta**

		2016		2015
		Meastachán €000	Táirgeacht €000	Táirgeacht €000
Fo-mhírcheann	Cur Síos			
A.9	An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	60,120	60,120	58,593
B.3	Deontas don Chomhairle Oidhreacht (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	5,243	5,243	4,743
C.4	Scéimeanna Tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	3,595	3,594	3,692
		68,958	68,957	67,028

Tá liosta iomlán na ndeontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne Cultúir, Oidhreacht agus Gaeltachta (http://www.chg.gov.ie/app/uploads/2017/04/national_lottery_funding_2016.pdf).

6.2 Costais Dí

		2016				2015
		Líon na gcásanna	Costais dlí a d'íoc an Roinn €000	Cúiteamh a bronnadh €000	Costais dlí a bronnadh €000	lomlán €000
Éilimh ó						
-	fhostaithe na Roinne	2	2	15	—	17
-	baill an phobail	10	54	83	41	178
			56	98	41	195

6.3 Ús ar Íocaíochtaí Déanacha

	2016 €000	2015 €000
Iomlán an úis íoctha	2	3

6.4 Caillteanas Sócmhainní Oidhreachta

Tá an t-imscrúdú ar chuir an Garda Síochána tús leis in 2012 i ndáil le caillteanas roinnt earraí a bhí coinnithe i stóráil phríobháideach thar ceann na Roinne Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta ar bun i gcónaí. Níl aon choigeartú déanta ar na figiúirí taifeadta in Nóta 2.2, go dtí go mbeidh an t-imscrúdú críochnaithe ag na Gardaí.

6.5 Tugtha ar Aghaidh go 2017

Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugadh €13.548 milliún de leithdháileadh nár caitheadh i dtaca le gnéithe caipitil d'fho-mhírchinn A15 (€8.8 milliún), A16 (€2.5 milliún), B8 (€0.2 milliún), C3 (€0.5 milliún) agus E6 (€1.548 milliún) ar aghaidh go 2017.

6.6 Cistiú AE

Áiríonn an táirgeacht a léirítear i bhfo-mhírchinn E.6 íocaíochtaí i dtaca le gníomhaíochtaí atá cómhaoinithe ag Ciste Talmhaíochta na hEorpa d'Fhorbairt Tuaithe. Mar seo a leanas a bhí na meastacháin chaiteachais agus na táirgeachtaí iarbhir:

Fo-mhírcheanna	Cur Síos	2016		2015
		Soláthar an Mheastacháin	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	€000
E.6	LEADER - An Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	—	613	28,487

6.7 Caiteachas Forbartha Réigiúnaí agus Gnóthaí Tuaithe

Léiríonn an tábla thíos caiteachas iomlán na bliana do Ghnóthaí iomlána Forbartha Réigiúnaí agus Tuaithe do 2016 agus na figiúirí comparáideacha do 2015 don chlár seo, a chuimsigh cuid de Vóta 34 (An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil mar a bhí).

		2016		2015
		Soláthar measta	Táirgeacht	Táirgeacht
		€000	€000	€000
E.1	Riarachán - Pá	2,338	2,946	1,885
E.2	Riarachán - Neamhphá	681	929	404
E.3	Bearta na gcuntas díomhaoín	4,326	432	2,166
E.4	Coimisiún Forbartha an Iarthair	2,488	1,639	1,283
E.5	Scéimeanna náisiúnta forbartha tuaithe	7,383	24,794	3,945
E.6	LEADER - An Fochlár Eacnamaíochta Tuaithe	40,000	9,989	35,268
E.7	Comórtas na mBailte Slachtmhara	1	1	1
E.8	Athnuachan bailte agus sráidbhailte	4,000	9,880	—
E.9	Leathanbhanda tuaithe, oifigí poist agus forbairt eacnamaíochta réigiúnach	2	1,089	—
		61,219	51,699	44,952

7 Cuntais Ilghnéitheacha

7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheoláras Náisiúnta agus Áiléar Crawford (Fo-mhírcheann A.5).

	2016	2015
	€000	€000
Íocaíochtaí		
Áras Nua-Ealaíne na hÉireann	4,813	4,807
Leabharlann Chester Beatty	2,404	2,400
An Ceoláras Náisiúnta	2,425	2,400
Áiléar Crawford, Corcaigh	1,234	1,251
	<u>10,876</u>	<u>10,858</u>

7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht i 1997, le húsáid do thionscadal a bhain le liostú, micreascannánú agus foilsíú thaifid Oifig an Phríomh-Rúnaí don tréimhse 1815-1853. Baineann an táille ar an gciste le costais chaomhantais agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

Cuntais na bhfáltais agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	2016	2015
	€000	€000
Iarmhéid ar an 1 Eanáir	408	409
Fáltais	50	75
Íocaíochtaí	(81)	(76)
Iarmhéid ar an 31 Nollaig	<u>377</u>	<u>408</u>

7.3 Ráiteas lasachtaí do Thithe Gaeltachta

lasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2011 agus aisíocaíochtaí ina leith:

	2016	2015
	€000	€000
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir	183	189
Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh	5	4
Díscríobh úis	(1)	(1)
Aisíocaíochtaí		
Príomhshuim	(3)	
Ús	<u>(1)</u>	<u>(9)</u>
Iarmhéid deiridh ar an 31 Nollaig	<u>183</u>	<u>183</u>

Aguisín

Tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu

Tá an Roinn ag bainistiú sé láthair Páirce Náisiúnta faoi láthair, eadhon

- | | |
|---|--|
| 1 | Páirc Náisiúnta Bhaile Chruaich |
| 2 | Páirc Náisiúnta Bhoirne |
| 3 | Páirc Náisiúnta Chonamara |
| 4 | Páirc Náisiúnta Ghleann Bheatha |
| 5 | Páirc Náisiúnta Chill Airne |
| 6 | Páirc Náisiúnta Shléibhte Chill Mhantáin |

In 2013, chuir an Roinn tús le tionscadal fadtéarma atá dírithe ar an mbunachar sonraí leictreonach d'fhaisnéis ar mhaoine a fhorbairt i dtaca leis an talamh agus na foirgnimh atá faighte ag an Roinn. Leanadh leis an obair seo in 2016.